# Gníomhaíochtaí Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí seomra ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil sa scoilbhliain 2020/2021

# Intreoir

Is sainseirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tá sé mar aidhm ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí múinteoirí a spreagadh, a chothú agus a chumhachtú san athrú ó bhonn atá tagtha ar oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn. Is í an tsainfhoireann Teicneolaíochtaí laistigh den SSM, ar a dtugtar JCt4 go coitianta, atá freagrach as ceithre hábhair na dTeicneolaíochtaí sa tSraith Shóisearach (Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid).

I bhforbairt na hacmhainne seo, tá sé mar aidhm ag foireann JCt4 eispéiris shaibhre foghlama a chruthú chun sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí a chomhlánú, go háirithe sa chomhthéacs níos leithne do scoláirí agus do mhúinteoirí atá ag filleadh ar scoil agus nósanna imeachta COVID-19 i bhfeidhm. Níl le húsáid ar bhealach líneach a dearadh na hacmhainní a cruthaíodh, ach chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a oibríonn do scoileanna aonair ina gcomhthéacs aonair. Moltar naisc fhéideartha le hábhair eile agus an fhéidearthacht chun iniúchadh a dhéanamh ar na hábhair sin i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach ó thús deireadh agus arís eile, iarrtar ar mhúinteoirí na naisc seo a chur in oiriúint agus a iniúchadh chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí agus ar chomhthéacs a scoile féin.



Agus tú ag fiosrú na hacmhainne seo, féadfaidh tú naisc fhéideartha a aithint le hábhair eile agus an deis chun na hábhair seo a fhiosrú i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach. Ar mhiste leat an taithí a bhíonn agat ar na hacmhainní seo a úsáid a chur in iúl dúinn ar na meáin shóisialta trí JCt4ed agus @JCforTeachers .

# Clár


Leathanach 1 — Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Leathanach 2 — Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Leathanach 3 — Cuir chuige foghlama

Leathanach 4 — Príomhscileanna

Leathanach 5 — Mé Féin a Bhainistiú

Leathanach 6 — Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Leathanach 7 — Fanacht Folláin

Leathanach 8 — Gníomhaíochtaí Theicneolaíocht Adhmaid

Leathanach 9 — Aithint crann, tionscadal dearaidh *(Bliainghrúpa Molta: An Chéad Bhliain)*

Leathanach 15 — Tionscadal Réadú Dearaidh *(Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain)*















Cliceáil le haghaidh na ndoiciméad

***Príomhdhoiciméid atá mar bhonn agus mar thaca ag an acmhainn seo***

# Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Beidh riachtanais éagsúla ag scoláirí agus iad ag filleadh ar an scoil agus beidh ar mhúinteoirí a bheith aireach faoi eispéiris foghlama a sholáthar a shásaíonn na riachtanais sin. Dá bhrí sin, beidh múinteoirí san airdeall faoin bpointe ag a bhfuil a scoláirí; beidh orthu am a ghlacadh chun riachtanais na scoláirí a mheas, agus b’fhéidir go mbeadh orthu agus go mba mhian leo an fhoghlaim a tharla roimhe seo a athdhaingniú sula gcuirfear foghlaim nua i láthair. Beidh cur chuige a thógann ar láidreachtaí na scoláirí ríthábhachtach sa chomhthéacs seo. Ina leith sin, seo a leanas roinnt ceisteanna tábhachtacha do scoileanna:


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ag filleadh ar an scoil

Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile

Iúil 2020

Leagan 1.0

Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14

An bhfuil múinteoirí tar éis machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn sa bhfoghlaim atá déanta ag a scoláirí?

An bhfuil múinteoirí tar éis raon bearta measúnuithe foirmithigh a aithint chun an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí a mheas?

An bhfuil ranna ábhar tar éis sonraíochtaí ábhar agus/nó siollabais a athbhreithniú agus torthaí foghlama a aithint a bheidh mar thosaíochtaí nuair a fhilltear ar scoil?

Ar aithníodh deiseanna don fhoghlaim traschuraclaim agus an bhfuiltear tar éis pleanáil go comhoibríoch chun na torthaí foghlaimeora a uasmhéadú?



# Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Beidh cinntí lárnacha á ndéanamh ag múinteoirí, agus iad ag tógáil ar mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí mar atá leagtha amach thuas, faoina bhfoghlaimíonn scoláirí, an tord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaíagus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Is iad na múinteoirí agus na scoileanna isfearr a dhéanfaidh na cinntí seo agus a chuirfidh breithiúnas gairmiúil agusneamhspleáchas i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim:

An gcuireann mo phleanáil ceachta cinntí comhoibríocha san áireamh faoi theagasc agus foghlaim lena n-áirítear cinntí faoi fhoghlaim riachtanach, seicheamh na foghlama, an luas ag a bhfoghlaimíonn scoláirí agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad?

An bhfuil soláthar sna heispéiris foghlama atá pleanáilte don idirghníomhaíocht shóisialta agus do chomhoibriú idir scoláirí?

An ndéanann na tascanna atá pleanáilte measúnú ar na torthaí foghlama nó ar na cuspóirí a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh thar shraith ceachtanna?



An bhfuil rochtain ag gach scoláire ar na tascanna agus na gníomhaíochtaí foghlama atá pleanáilte, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus breise oideachais acu san áireamh?




**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14**

# Cuir chuige foghlama

Tá sé ríthábhachtach, ó thús na scoilbhliana, go gcuirtear réimse leathan eispéireas foghlama gníomhaí ar fáil do gach scoláire. Áirítear:




Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14

- Tosaíocht a thabhairt do cheachtanna praiticiúla le cur ar chumas scoláirí léiriú a thabhairt ar scileanna agus eolas a forbraíodh i dtréimhse na cianfhoghlama
- Eispéiris foghlama a sholáthar bunaithe ar obair bheirte agus obair ghrúpa a thacaíonn le hidirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht scoláirí i ndéanamh brí; cuideoidh sé seo le torthaí foghlama/cuspóirí a bhaint amach ar fud an churaclaim, go háirithe i réimsí teanga, matamaitice, an ghnó, na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus na healaíona
- Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar bhealach sofhreagrach agus nuálach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Ceistiúchán, tascanna agus comhdhálacha scoláirí-múinteoirí; is cuir chuige praiticiúla agus éifeachtacha don mheasúnú iad seo a chabhróidh le réimsí tosaíochta inar gá foghlaim scoláirí a chur chun cinn a aithint.

# Príomhscileanna

I bhfianaise dhúnadh na scoileanna agus na riachtanais sláinte ábhartha, tá a lán scoileanna tar éis bealaí cruthaitheacha agus nuálacha a ghlacadh cheana féin chun fáiltiú roimh scoláirí na chéad bhliana isteach sa scoil. Má tharla nach raibh deis ag scoláirí na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil mar ghnáthnós agus iad bogadh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a bheith acu, is cóir tosaíocht a thabhairt do phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ar nós Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireachta a Bhainistiú, agus Fanacht Folláin trí chláir ionduchtaithe agus folláine na scoile.




**Curtha in oiriúint ó leathanach 10**

Mé Féin a Bhainistiú

Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Fanacht Folláin




# Mé Féin a Bhainistiú

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a chaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Tecineolaíocht dhigiteach a úsaid chun mé fein agus mo chuid foghlama a bhainistiú

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Fanacht Folláin

- A bheith folláin, fisicúil agus gníomhach
- A bheith sóisalta
- A bheith slán
- A bheith spiordálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freadrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF



Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí

Cliceáil anseo do shonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí




Trí na gníomhaíochtaí seomra ranga seo a leanas do Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí, tá sé mar aidhm againn na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Is iad na múinteoirí is fearr a chuirfidh na gníomhaíochtaí seo in oiriúint chun freastal ar réamhfhoghlaim, comhthéacs áitiúil agus riachtanais a gcuid scoláirí.

Díríonn an tsonraíocht do Theicneolaíocht Adhmaid na sraithe sóisearaí ar thuiscint an scoláire ar fheidhmeanna agus ar thionchar adhmad a úsáid mar acmhainn sa domhan mórthimpeall air a fhorbairt agus ar scileanna an scoláire i ndáil leis sin a fhorbairt. Bainfear é sin amach trí thrí shnáithe chomhthéacsúla idirnasctha: **Prionsabail agus cleachtais**, **Smaointeoireacht dearaidh** agus **Eolaíocht agus ábhair adhmaid**.

Baineann Teicneolaíocht Adhmaid úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na gceithre snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Ba chóir gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach agus spreagúil.

*- arna chur in oiriúint ó shonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí , leathanach 9.*







# Aithint crann, tionscadal dearaidh

**Fócas:** Seisiún tosaigh ar thaighde, scileanna deartha agus próiseála, na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú & Fanacht Folláin.

**Bliainghrúpa Molta**: An chéad bhliain




cc BY NC

# Acmhainn 1

**<u>Fócas:</u>** Seisiún tosaigh ar thaighde, scileanna deartha agus próiseála, na Príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú & Fanacht Folláin.

**<u>Bliainghrúpa Molta:</u>** An chéad bhliain




**Nóta do mhúinteoirí :**

Tá an acmhainn seo a leanas deartha go mbeidh sé ag teacht leis an tsonraíocht Teicneolaíocht Adhmaid agus leis na torthaí foghlama. Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

Leathanach 10

## SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ:

Seo roinnt Snáitheanna agus Gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh le haghaidh na ngníomhaíochtaí molta seo:

Snáitheanna:

- Prionsabail agus cleachtais
- Smaointeoireacht dearaidh
- Eolaíocht agus ábhair adhmaid

Gnéithe:

- Pleanáil agus bainistiú
- Cruthú
- Comhshaol agus inbhuanaitheacht

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le torthaí foghlama, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.

## Réamhrá

Tá crainn ar cheann de na hacmhainní nádúrtha is mó dá bhfuil againn. Tá ról tábhachtach acu san éiceolaíocht áitiúil agus dhomhanda araon. Cuireann siad an t-amhábhar ar fáil dúinn do na tionscadail a dhearaimid agus a thógaimid.







## Tasc

Foghlaimeoidh scoláirí conas crainn a aithint ina gceantar áitiúil agus foghlaimeoidh siad faoi airíonna na gcrann ina ngairdín, ar an mbóthar agus ar a sráid. Déanfaidh siad iniúchadh ar na buntáistí comhshaoil a bhaineann le crainn. Déanfaidh siad déantán a dhearadh agus a thógail chun a bhfreagra a chur in iúl ar thasc dearaidh.

## Gníomhaíochtaí féideartha scoláirí

1. D'fhéadfadh scoláirí duilleoga a bhailiú, iad a aithint, iad a phreasáil agus a chaomhnú. Measúnú a dhéanamh ar roinnt de na hairíonna agus de na saintréithe a bhaineann leis na crainn ina ngairdín, cois bóthair nó san eastát acu ag baint úsáid as taighde príomhúil.






2. Dul i mbun tascanna dearaidh ina mbíonn gnéithe dá dtaighde príomhúil mar spreagadh chun a gcuid dearaí a chruthú.






3. Trí mhodhanna cur i láthair oiriúnacha a úsáid faigheann scoláirí an deis chun plé agus cumarsáid a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le crainn inár dtimpeallacht.



1

**Nóta do Mhúinteoirí:**

Seo a leanas moltaí maidir le heispéiris foghlama féideartha chun príomhscileanna taighde na scoláirí a fhorbairt. Tá sé beartaithe trí nádúr tadhlach na nduilleog a mhothú go gcuirfear fiosracht na scoláirí chun cinn sa réimse seo agus go spreagfar iad iniúchadh breise a dhéanamh anois nó ag céim níos moille ina dturas. . Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

## Aithint crann



- *Cad iad na scileanna nó an t-eolas a theastaíonn ó mo scoláirí chun cur ar a gcumas crainn a aithint ina dtimpeallacht?*
- *Cén réamheolas atá ag mo scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ina phointe tosaigh le haghaidh plé / treo?*
- *Cad iad na saintréithe atá ag crainn a d'fhéadfaí a iniúchadh a bheadh suimiúil do mo scoláirí?*
- *Mar mhúinteoir, cad iad na saintréithe crainn, a mbeidh mé ag díriú orthu le mo scoláirí?*
- *Cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh mo scoláirí a dhéanamh chun cur ar a gcumas tuiscint níos doimhne a fháil ar na saintréithe a idirdhealaíonn na speicis éagsúla crann agus aicmiú na gcrann? Bileoga oibre, Tráth na gceist Foirmeacha Microsoft, Padlet srl.*
- *An bhfuil bealaí eile ann ar féidir liom na saintréithe sin nó tréithe eile a thabhairt chun beatha i mo sheomra ranga?*







## Gníomhaíochtaí Féideartha

- Is bealach amháin é a d'fhéadfadh scoláirí roinnt saintréithe crann a iniúchadh agus taithí a fháil orthu, cuimilteáin a chruthú de dhuilleoga bailithe nó na duilleoga sin a chaomhnú.
- Tá bealaí éagsúla ann a d'fhéadfadh na scoláirí eolas a fuarthas ón eispéireas sin a chur in iúl. Féadfaidh scoláirí a gcuid smaointe féin a mholadh chun an fhaisnéis seo a chur i láthair.
- Thiocfadh le taispeántas Seomra Ranga teacht as seo agus scoláirí ag taispeáint gnéithe den méid atá foghlamtha acu faoi thréithe crann.

Treoróidh an cód MF thú chuig acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina spreagadh.

*Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint / a d'aithin tú a chabhróidh leis na Príomhscileanna a bhfuiltear ag díriú orthu san acmhainn seo? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhróidh leis na Torthaí Foghlama sin?*

2

**Nóta do Mhúinteoirí:**

Seo a leanas moltaí maidir le heispéiris foghlama féideartha chun príomhscileanna taighde na scoláirí a fhorbairt. Leathnóidh sé seo a stór eolais ar an gceardaíocht agus tabharfaidh sé teicníc nua bhreáthaithe dóibh a úsáidfear sa tionscadal seo agus a d'fhéadfaí a úsáid i dtascanna dearaidh amach anseo. . Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb’fhéidir gur ghá do scoláirí  a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí  ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

## ‘Tá caidreamh uathúil ag crainn agus ábhar adhmaid leis an dúlra agus an duine.’

Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí, *leathanach 4*

***Cad iad na bealaí ina dtiocfadh linn an caidreamh uathúil seo a fhí isteach i dtascanna dearaidh agus réadaithe inár seomraí ranga Teicneolaíocht Adhmaid?***

### Tascanna Dearaidh Féideartha

Cliceáil chun breathnú nó chun íoslódáil ***Mo Threoir Dearaidh***




**Dear agus cuir le chéile ainmphláta do dhoras do sheomra leapa.**

*Cad iad na critéir atá riachtanach chun go n-éireoidh leo sa tasc seo?*

Mar shampla, seo critéir féideartha amháin:

***- Bíodh ceann amháin ar a laghad de na duilleoga atá caomhnaithe agat suite ar do dhearadh***

**Dear agus tóg cúlchlár maisiúil le haghaidh raca eochracha.**

*Cad iad na critéir atá riachtanach chun go n-éireoidh leo sa tasc seo?*

Mar shampla, seo critéir féideartha amháin:

***Bain úsáid as duilleog chaomhnaithe de do chuid chun an dearadh a mhaisiú***




Le haghaidh gníomhaíochtaí den chineál céanna agus acmhainní breise a bhaineann le tascanna dearaidh agus réadaithe a thiocfadh a bheith oiriúnach do ghrúpa sa chéad bhliain, féach ábhair a bhaineann le Seimineár Gréasáin Theicneolaíocht Adhmaid 2018 / 2019 trí scanadh / chliceáil ar an gcód MF thíos.



Treoróidh an cód MF thú chuig acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina spreagadh.

Le haghaidh gníomhaíochtaí den chineál céanna agus acmhainní breise a bhaineann le tascanna dearaidh agus réadaithe a thiocfadh a bheith oiriúnach do ghrúpa sa chéad bhliain, féach ábhair a bhaineann le Cnuaslá Theicneolaíocht Adhmaid 2019/2020 trí scanadh / chliceáil ar an gcód MF thíos.




Treoróidh an cód MF thú chuig acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina spreagadh.

*Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint / a d'aithin tú a chabhróidh leis na Príomhscileanna a bhfuiltear ag díriú orthu san acmhainn seo? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhróidh leis na Torthaí Foghlama sin?*

3

**Nóta do Mhúinteoirí:**

Seo a leanas moltaí maidir le heispéiris foghlama fhéideartha chun tuiscint agus cumarsáid na scoláirí a fhorbairt ar airíonna a bhaineann le crainn ina gceantar áitiúil. . Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí  a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí  ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

**'ról an fhoraoisithe agus an adhmaid i dtéarmaí na héiceolaíochta agus inbhuanaitheachta áitiúla/domhanda.'**

***Cad iad na bealaí a dtiocfadh linn iarraidh ar ár gcuid scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le crainn don chine daonna, don éiceolaíocht agus don chomhshaol?***

## Tascanna plé/taighde ranga féideartha

- Dífhoraoisiú ar fud an domhain - an céatadán de chrainn a lománaíodh le haghaidh úsáid tráchtála / a scriosadh ag tine / a réitíodh le haghaidh talamh feirme – buntáistí agus míbhuntáistí – colláis de na ceantair dhífhoraoisithe go háitiúil nó ar fud an domhain - póstaer ranga chun an fhaisnéis sin a thaispeáint
- Conas a d'fhéadfaimis iarraidh ar ár gcuid scoláirí na buntáistí a léiriú a bhaineann le crainn don chine daonna agus d'ainmhithe - modh cumarsáide?
- Cad é is féidir linn a dhéanamh mar scoláirí atá ag déanamh staidéir ar Theicneolaíocht Adhmaid agus ábhair á roghnú againn inár dtionscadail réadú dearaidh?




Le haghaidh gníomhaíochtaí den chineál céanna agus acmhainní breise a bhaineann le tascanna dearaidh agus réadaithe a thiocfadh a bheith oiriúnach do ghrúpa sa chéad bhliain, féach ábhair a bhaineann le Seimineár Gréasáin Theicneolaíocht Adhmaid 2018 / 2019 trí scanadh / chliceáil ar an gcód MF thíos.



Treoróidh an cód MF thú chuig acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina spreagadh

Le haghaidh gníomhaíochtaí den chineál céanna agus acmhainní breise a bhaineann le tascanna dearaidh agus réadaithe a thiocfadh a bheith oiriúnach do ghrúpa sa chéad bhliain, féach ábhair a bhaineann le Cnuaslá Theicneolaíocht Adhmaid 2019/2020 trí scanadh / chliceáil ar an gcód MF thíos.



Treoróidh an cód MF thú chuig acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ina spreagadh.

*Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint / a d'aithin tú a chabhróidh leis na Príomhscileanna a bhfuiltear ag díriú orthu san acmhainn seo? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhróidh leis na Torthaí Foghlama sin?*

# Tionscadal Réadú Dearaidh

**Fócas:** Scileanna deartha agus próiseála, tuiscint ar eirgeanamaíocht, fréamhshamhaltú agus déanamh samhaltán, ag forbairt na bPríomhscileanna a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin.

**Bliainghrúpa Molta:** An Dara Bliain




CC BY NC

# Acmhainn 2

**<u>Fócas:</u>** Scileanna deartha agus próiseála, tuiscint ar eirgeanamaíocht, fréamhshamhaltú agus déanamh samhaltán, ag forbairt na bPríomhscileanna a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin.

**<u>Bliainghrúpa Molta:</u>** An Dara Bliain




**Nóta do mhúinteoirí :**

Tá an acmhainn seo a leanas deartha go mbeidh sé ag teacht leis an tsonraíocht Teicneolaíocht Adhmaid agus leis na torthaí foghlama. Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

### SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ:

Seo roinnt Snáitheanna agus Gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh le haghaidh na ngníomhaíochtaí molta seo:

Snáitheanna:

- Prionsabail agus cleachtais
- Smaointeoireacht dearaidh
- Eolaíocht agus ábhair adhmaid

Gnéithe:

- Pleanáil agus bainistiú
- Cruthú
- Comhshaol agus inbhuanaitheacht

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le torthaí foghlama, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.

**Nóta do Mhúinteoirí:**
Seo a leanas moltaí maidir le heispéiris foghlama fhéideartha chun tuiscint an scoláire ar a gcaidreamh leis an timpeallacht fhisiciúil thart orthu a fhorbairt. Tabharfaidh sé buneolas dóibh ar choincheap na heirgeanamaíochta trí idirghníomhaíocht le tasc dearaidh agus réadaithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

## Réamhrá

I dteicneolaíocht adhmaid, déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an domhan nádúrtha agus tógtha trí mheán an dearaidh, ag lorg deiseanna chun an t-ábhar/acmhainn a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go nuálach chun a thimpeallacht a chruthú agus a mhúnlú.

Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí, leathanach 4




## Tasc

Foghlaimeoidh scoláirí conas na príomhshrianta dearaidh a aithint laistigh de thasc dearaidh. Déarfaidh siad agus tógfaidh siad déantán chun a bhfreagairt ar thasc dearaidh a chur in iúl.

**Téama** Cianfhoghlaim / foghlaim scoite / staidiúir shláintiúil agus iad ag breathnú ar ghléasanna leictreonacha boise

## Gníomhaíochtaí Féideartha

1

**Déan iniúchadh** ar achoimre dhearaidh.

- Pléigh réimsí a d'fhéadfaí a imscrúdú nó a thaighde. *Cad is dearadh maith ann?*

**nó**

**Déan iniúchadh** ar fhadhb dhearaidh a chuirtear i láthair ag baint úsáid as srianta.



Samplaí de shrianta:

- teorainneacha sna hábhair
- úsáid inbhuanaithe chrua-adhmaid

*Cén fáth a n-úsáidtear srianta?*
*Cad iad na réimsí a dteastaíonn taighde agus imscrúdú uathu??*



A gcur chuige a **chur in iúl** tar éis próiseas deartha – is féidir sampla de phróiseas deartha a fháil in *Mo Threoir Dhearaidh*

**Leathanach 17**

Cliceáil chun breathnú nó chun íoslódáil ***Mo Threoir Dearaidh***





2

Samhail / fréamhshamhail **a cheapadh** ag baint úsáid as cairtchlár nó as meáin eile. Cliceáil ar an íomhá trasna chun rochtain a fháil ar acmhainn úsáideach chun cabhrú le scoláirí i dtaca le fréamhshamhaltú/ samhaltú.



Sceitsí / líníochtaí a chruthú chun a gcuid smaointe dearaidh a **chur in iúl** go soiléir. Cliceáil ar an íomhá chun rochtain a fháil ar fhíseán a chabhróidh le smaointe dearaidh a sceitseáil.



**Cuidíonn** uigeacht nó rindreáil a chur le do sceitsí le do líníochtaí a bheochan. Tá roinnt teicnící cabhracha rindreála san fhíseán teagaisc seo



3

Trí scileanna praiticiúla a chur i bhfeidhm maidir lena réitigh dearaidh a réadú, forbraíonn scoláirí tuiscint níos fearr ar na hairíonna a bhaineann le haicmiú nó le rangú crua-adhmad & bogadhmad ... srian dearaidh féideartha





Punann **a thiomsú** chun a dturas dearaidh a chur in iúl ag baint úsáid as aon mheáin chuí










*Cad iad na Torthaí Foghlama is féidir leat a aithint / a d'aithin tú a chabhróidh leis na Príomhscileanna a bhfuiltear ag díriú orthu san acmhainn seo? Cad iad na gníomhaíochtaí a chabhróidh leis na Torthaí Foghlama sin?*

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Gníomhaíochtaí Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí seomra ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil sa scoilbhliain 2020/2021

Dearadh agus comhthiomsaíodh na hacmhainní seo mar fhreagairt ar 'Filleadh ar scoil - Treoir maidir le cláir foghlama agus scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile' agus díríodh iontu ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí: Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú & Fanacht Folláin ón 'gCreat don tSraith Sóisearach 2015'.

Níl sna gníomhaíochtaí seo ach roinnt tascanna féideartha atáthar a mholadh agus a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh chun tabhairt faoi na Príomhscileanna sin sa seomra ranga Teicneolaíocht an Adhmaid.

Ón aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus ar a gcomhthéacs, ba chóir go mbeadh a fhios acu cad iad na gníomhaíochtaí ab fhearr a mheallfadh a gcuid scoláirí.



CC BY NC